

Crawford Learn Art And Gallery Explore

Racht datha

Más féidir leat, féach ar ár seisiún scannáin ‘A pop of colour’

Féach ar na híomhánna:

Tá 2 chanbhás sa phictiúr mór ‘Diptych’ (1964) le Partick Scott. Is sampla breá é dá stíl ón tréimhse seo as a ghairmré.

Sí an dara íomhá ná ‘Abstract composition’ le Mainie Jellett atá ar thaispeáint faoi láthair i seomra Harry Clarke i nGailearaí Crawford.

Cad a cheapann tú faoi na dathanna sa dá phictiúr?

Cén pictiúr is fearr leat?

Is saothar ealaíne í an cholláis a déantar trí phíosáí d’ábhair éagsúla, mar pháipéar nó éadach, a cheangal le dromchla cothrom.

Bailigh rogha páipéar atá ar fáil agat sa bhaile; nuachtán, sean-irisí, páipéar beartn, clúdaigh daite, seanchártaí beannachta srl. Beidh gliú agus píosa mór páipéir/cárta ag teastáil uait.

Is féidir leat cinneadh a dhéanamh á choinneáil réadúil go leor, trí imlíne shimplí a tharraingt chun tús a chur leis, nó is féidir leat oibriú ar bhealach níos teibí. Roghnaigh roinnt dathanna cosúil leis an bpéintéireacht is fearr leat agus déan iad a sracadh i bpíosáí beaga. Chun tús a chur leis an obair, greamaigh do pháipéar stróicthe ar an bpáipéar/gcárta mór agus líon isteach an imlíne de réir a chéile. Bain triail as líníocht nó péintéireacht thar chodanna den colláis - is féidir le línte simplí níos mó suime a chur ann.